Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

12874/22

LIMITE

PECHE 357

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0244(NLE)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt le haghaidh 2023 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile<br>- Comhaontú polaitiúil |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Comhairle an 23 Lúnasa 2022[1]. Áirítear sa doiciméad na Gabhálacha Iomlána Incheadaithe (TAC) atá beartaithe do stoic uile Mhuir Bhailt; níl ach an TAC don troisc Ioruach ar lár toisc go bhfuil an chomhairle eolaíoch le foilsiú go luath i mí Dheireadh Fómhair, agus dá réir sin tíolacfaidh an Coimisiún páipéar leathoifigiúil sa tréimhse roimh Chomhairle an 17 agus an 18 Deireadh Fómhair.

2. Agus stádas na stoc á chur san áireamh, tá laghduithe beartaithe ag an gCoimisiún ar an TAC don **scadán i Murascaill na Boitnia** i bhforanna 30-31 (-28 %), don **scadán i Murascaill Ríge** i bhforoinn 28.1 (-4 %) agus don **salán** i bhforanna 22-32 (-20 %).

3. Ina theannta sin, i bhfianaise na heaspa feabhais i staid na stoc troisc, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gan leanúint de TACanna a shocrú ach amháin le haghaidh fhoghabhálacha **throsc Mhuir Bhailt Thoir** i bhforanna 25-32 agus le haghaidh **throsc Mhuir Bhailt Thiar** i bhforanna 22-24. Is amhlaidh atá freisin i gcás **scadán Mhuir Bhailt Thiar** i bhforanna 22-24 agus **bradáin phríomh- imchuacha** i bhforanna 22-31.

[1] 11877/22 + ADD 1.

4. Le stádas sláinte níos fearr **scadán Mhuir Bhailt Láir** i bhforanna 25, 27, 28.2, 29 agus na **leathóige** i bhforanna 22-32, is féidir deiseanna iascaireachta a mhéadú 14 % agus 25 % faoi seach.

5. Ní gá tuairim a fháil ó Pharlaimint na hEorpa ná ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa faoi Airteagal 43(3) CFAE.

6. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 8 agus an 22 Meán Fómhair 2022 agus thíolaic na toscaireachtaí tuairimí i scríbhinn in 12479/22 + ADD 1-6.

7. Le linn an phlé a rinne an Mheitheal, chuir roinnt toscaireachtaí chun suntais go gcaithfear TACanna a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch atá ar fáil bunaithe ar uastáirgeacht inbhuanaithe, i gcomhréir leis an bplean ilbhliantúil do Mhuir Bhailt agus an tionchar socheacnamaíoch in earnáil an iascaigh á chur san áireamh.

8. Chuir roinnt toscaireachtaí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe isteach maidir le codanna sonracha den togra. Chuir DK in iúl go bhfuil forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte aici.

9. Creideann an Uachtaránacht gur cheart an plé agus an cinneadh críochnaitheach a bheith faoi threoir na bprionsabal seo a leanas:

- tiomantas láidir do chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) mar a leagtar síos in Airteagal 39 CFAE agus in Airteagal 2 de Rialachán CBI[2] iad, lena n-áirítear uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach.

- Forálacha an phlean ilbhliantúil bainistíochta do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt [3] a chomhlíonadh.

- Cinntí a bhunadh ar an gcomhairle eolaíoch.

---

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[3] Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle (IO L 191, 15.7.2016, lgh. 1-15).



PUBLIC

10. Creideann an Uachtaránacht freisin go mbeidh gá le hiarrachtaí leanúnacha trí BALTFISH chun teacht ar réiteach comhthola maidir le TACanna Mhuir Bhailt.

PUBLIC

## II. STAID NA hIMEARTHA

11. Go ginearálta, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an togra ón gCoimisiún ach d'iarr siad go méadófaí na deiseanna iascaireachta atá beartaithe don **salán** agus do **scadán Mhuir Bhailt Láir**, rud a bheadh i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch.

12. D'iarr na toscaireachtaí go ndéanfaí tuilleadh plé maidir le hiascach áineasa **bradán** (Airteagal 9). Comhaontaíodh cruinniú teicniúil a thionól leis an gCoimisiún chun dréachtú nua a mholadh.

13. D'eagraigh an Uachtaránacht cruinnithe tríthaobhacha teicniúla an 3 Deireadh Fómhair leis an gCoimisiún agus leis na toscaireachtaí chun na saincheisteanna atá fós gan réiteach a shoiléiriú. Tharraing na toscaireachtaí aird ar **ghnéithe eile** amhail maolú a d'fhéadfaí a dhéanamh d'iascairí ar mionscála do **throsc Mhuir Bhailt Thiar**; an gá atá le ráiteas a thabhairt isteach maidir le **scadán Mhuir Bhailt Thiar**, mar a rinneadh anuraidh, nó an gá atá leis an **staid gheopholaitiúil** i ndáil leis an gcogadh san Úcráin a chur san áireamh.

## III. AN RÓD ROMHAINN

14. Creideann an Uachtaránacht go bhféadfaí teacht ar chomhaontú maidir leis na TACanna éagsúla agus leis na bearta breise. Tá sí den tuairim gur féidir teacht ar chomhréiteach críochnaitheach ach a léireoidh na páirtithe uile lena mbaineann roinnt solúbthachta. Is é an tuiscint atá ag an Uachtaránacht freisin go bhfuil poitéinseal nach beag ag an bplé a dhéanfar ag BALTFISH.

15. Iarrtar ar Coreper a thuairimí a thabhairt, go háirithe maidir leis na saincheisteanna a leagtar amach faoi phointe II, d'fhonn comhaontú polaitiúil a ullmhú ar leibhéal na Comhairle.